Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9983/23**

**SOC 412**
**EMPL 288**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe<br>Ceapadh Santiago CUERVO ESCOBAR, comhalta don Ghearmáin, in ionad Nicolas KELLER, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Nicolas KELLER éirithe as oifig mar chomhalta den choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don Ghearmáin)

2. Faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Gearmáine ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 24 Meán Fómhair 2024[1]:

Santiago CUERVO ESCOBAR
Bundesvereinigung der Deutschen Arbeitgeberverbände
Abteilung Arbeitsmarkt / Labour market
Breite Straße 29
DE-10178 Berlin
Teil.: + 4930/2033-1409
ríomhphost: s.curvo-escobar@arbeitgeber.de

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[1] IO C 393, 13.10.2022, lch. 5.

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de

Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas[2], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 20 Meán Fómhair 2022[3], an 25 Deireadh Fómhair 2022[4], an 14 Feabhra 2023[5] agus an 21 Márta 2023[6], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse dar críoch an 24 Meán Fómhair 2024.

(2) Tá suíochán mar chomhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Nicolas KELLER as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Gearmáine don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.
[3] IO C 393, 13.10.2022, lch. 5.
[4] IO C 481, 19.12.2022, lch. 1.
[5] IO C 64, 21.2.2023, lch. 15.
[6] IO C 109, 24.3.2023, lch. 69.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Santiago CUERVO ESCOBAR ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe in ionad Nicolas KELLER, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán